Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2016**
**(OR. en)**

**6258/16**

**PECHE 46**
**AGRI 73**
**AGRIFIN 10**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/ An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "An bhfuil na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh á mbainistiú i gceart ag an gCoimisiún?" *-Glacadh* |

1. An 23 Deireadh Fómhair 2015, thíolaic Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a Tuarascáil Speisialta Uimh 11/2015 dar teideal: "An bhfuil na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh á mbainistiú i gceart ag an gCoimisiún?"[1].

2. An 4 Samhain 2015, thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh scrúdú a dhéanamh ar an Tuarascáil Speisialta i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí [2].

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh an tuarascáil ar an 10 Nollaig 2015, an 21 Eanáir agus an 11 Feabhra 2016.

1 Tá an tuarascáil speisialta sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Cúirte: http://eca.europa.eu.
2 7515/00 FIN 127 + COR 1.

I bhfianaise an scrúdaithe, dhréachtaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí.[3]
Ag a chruinniú den 11 Feabhra 2016, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis na dréacht-Chonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

4. I bhfianaise an méid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an chomhthoil ar thángthas uirthi sa Mheitheal a dheimhniú agus a mholadh don Chomhairle na Conclúidí atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a ghlacadh.

---

[3] 5296/16 PECHE 13.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "An bhfuil na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh á mbainistiú i gceart ag an gCoimisiún?"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "An bhfuil na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh á mbainistiú i gceart ag an gCoimisiún?";

(2) GO MEABHRAÍONN SÍ a Conclúidí i ndáil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an ngné Sheachtrach den Chomhbheartas Iascaigh a glacadh an 19 Márta 2012[4];

(3) GO nAONTAÍONN SÍ LE TUAIRIM NA CÚIRTE go bhfuil próiseas na caibidlíochta agus cur chun feidhme na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh á mbainistiú go maith tríd is tríd ach go bhféadfaí a thuilleadh feabhais a dhéanamh, agus MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint leis na moltaí ón gCúirt a chur chun feidhme;

(4) GO dTUGANN SÍ DÁ hAIRE go rabhthas tagtha ar chomhaontú maidir le roinnt de na comhaontuithe i raon feidhme staidéar na Cúirte roimh an athchóiriú a rinneadh ar an gComhbheartas Iascaireachta in 2013;

(5) GO nAITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh maidir le bainistiú na gcomhaontuithe sin i gcomhréir leis an athchóiriú, go háirithe maidir leis an anailís a dhéantar ar bharrachas acmhainní, an urraim do phrionsabail an daonlathais agus chearta an duine, an faoiseamh do bhuiséad an Aontais, agus an díchúpláil agus an faireachán treisithe maidir le gné tacaíocht earnálach na ranníocaíochta airgeadais;

(6) GO LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na comhaontuithe sin maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní muirí beo sa tíortha comhpháirtíochta, é sin á threisiú agus á thacú ag an ngá do bhonn eolaíoch, measúnú ar na gníomhaíochtaí foriomlána iascaireachta, coinníollacha teicniúla iomchuí, agus cúnamh airgeadais, chun gníomhaíochtaí iascaireachta a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu;

---

[4] Cf. 7086/12 PECHE 66.

(7) GO LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá na comhaontuithe sin do ghníomhaíocht eacnamaíoch chabhlaigh fadraoin an Aontais Eorpaigh agus don Aontas Eorpach agus dá dtíortha comhpháirtíochta agus iad ag iarraidh todhchaí na bpobal cois chósta a dhaingniú, agus don fhostaíocht agus don tslándáil bia;

(8) GO MEASANN SÍ gur móR an tábhacht a bhaineann leis an tacaíocht earnálach d'fhorbairt earnáil na hiascaireachta, do na pobail áitiúla agus do rialachas na n-iascach sna tíortha comhpháirtíochta, agus is DÍOL SÁSAIMH DI, ar an mórgóir, moltaí na Cúirte i ndáil le comhleanúnachas agus comhordú le híocaíochtaí buiséadacha tacaíochta eile. GO dTUGANN SÍ DÁ hAIRE gur dearfach iad na chéad torthaí ón gcreat pleanála agus faireacháin atá á fhorbairt ag an gCoimisiún ó thráth an athchóirithe ar aghaidh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún creat mar sin, lena n-áirítear forálacha incháilitheachta, inrianaitheachta agus faireacháin, a fheidhmiú i gcás na bprótacal a bheidh ann amach anseo, agus an gá atá le comhleanúnachas idir beartais an Aontais i ndáil leis an bhforbairt agus i ndáil leis an iascach á chur san áireamh;

(9) GO nAONTAÍONN SÍ leis an gCúirt gur den tábhacht é líonra réigiúnach a bheadh comhtháite agus ábhartha a bheith ann ó thaobh deimhneacht dhlíthiúil do na hoibreoirí, le go mbeadh seasamh comhleanúnach caibidlíochta ag an Aontas agus freisin go mbíonn dea-thionchar aige ar rialachas na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear a gcomhar ar an leibhéal réigiúnach, TUGANN DÁ hAIRE gur gá aird a thabhairt ar cheist na gcomhaontuithe díomhaoine agus SPREAGANN SÍ go ndéanfaí a thuilleadh forbartha ar straitéisí réigiúnacha, ag cur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte;

(10) GO dTUGANN SÍ DÁ hAIRD gur deacair coincheap an bharrachais a fheidhmiú go praiticiúil, go háirithe i gcás speiceas mórimirce, ach CUIREANN I dTREIS gur féidir feidhmiú praiticiúil an choincheapa sin a fheabhsú má dhéantar comhoibriú níos fearr ar leibhéal na heolaíochta, go háirithe sna hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh, trí thacaíocht airgeadais ar leibhéal déthaobhach a chur ar fáil don bhailiú sonraí agus don taighde, agus tríd a thuilleadh trédhearcachta a bheith ann ó thaobh na hiarrachta foriomláine iascaireachta de; dá réir sin, TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun coincheap an bharrachais a fheidhmiú, chun comhthuiscint a fhorbairt agus a chur chun cinn i ndáil leis an gcoincheap sin agus i ndáil lena chur i bhfeidhm, ar an leibhéal réigiúnach chomh maith leis an leibhéal déthaobhach;

(11) GO LEAGANN SÍ BÉIM sa chomhthéacs sin ar uathúalacht na trédhearcachta atá á cur ar fáil ag an Aontas agus na comhaontuithe ar fad le tíortha comhpháirtíochta á gcur chun feidhme, agus ar an ngá go mbainfear cothrom na Féinne amach do chách ó thaobh náisiúin eile a dhéanann iascaireacht in uiscí i gcéin d'fhonn rochtain agus iomaíochas chabhlaigh fadraoine an Aontais a chaomhnú;

(12) GO MEABHRAÍTEAR DI an bharúil a d'fhógair sí cheana, mar atá: gur cheart go mbeadh teacht isteach leordhóthanach ann don Aontas a bhuí do théarmaí na gcomhaontuithe, agus is DÍOL SÁSAIMH DI sa chomhthéacs seo gur iarr an Chúirt go ndéanfadh saineolaí neamhspleácha meastóireachtaí agus cur chuige comhchuibhithe in úsáid acu ar mhaithe le hanailís chomhleanúnach, inchomparáide a dhéanamh ar bhuntáistí gach prótacail a d'fhéadfadh a bheith ann;

(13) GO nAONTAÍONN SÍ gur fachtóir tábhachtach amháin iad leibhéil na húsáide a baineadh de na deiseanna iascaireachta cheana ó thaobh an acmhainn iomchuí iascaireachta agus an ranníocaíocht iomchuí a chinneadh, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá coinníollacha teicniúla indéanta, oiriúnaithe, d'oibriú an chabhlaigh ó thaobh leibhéal na húsáide amach anseo agus na buntáistí eacnamaíocha a thiocfaidh as dá réir, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRD freisin cineál speisialta na gcomhaontaithe i ndáil le hiascach an tuinnín, ina bhfuil speicis mórimirce á gclúdach agus lena mbraitheann an úsáid is féidir a bhaint as na deiseanna iascaireachta ar infhaighteacht agus inathraitheacht na stoc;

(14) GO MEASANN SÍ gur cheart, an tráth a mbeadh comhaontú á athnuachan, ní amháin go gcuirfí leibhéal na húsáide a bhaintear as na deiseanna iascaireachta san áireamh ach freisin a thábhachtaí atá an comhaontú ó thaobh cuspóirí agus prionsabail an Chomhbheartais Iascaireachta sa tír chomhpháirtíochta a chur chun cinn;

(15) GO dTUGANN SÍ DÁ hAIRE moltaí agus tuairimí na Cúirte i ndáil le bearnaí ama a sheachaint idir dhá phrótacal, agus i ndáil leis an úsáid is fearr a bhaint as na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, MEASANN SÍ gur gnéithe tábhachtacha iad sin ó thaobh éifeachtacht agus teacht isteach eacnamaíoch na gcomhaontuithe, IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí an Choimisiúin i ndáil leis an méid sin agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé i gcónaí go mbeadh clásal eisiachais i gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh;

(16) GUR DÍOL SÁSAIMH DI moltaí praiticiúla na Cúirte i ndáil le bainistiú na sonraí gabhála agus faireachán ar nósanna imeachta na gceadúnas, AITHNÍONN SÍ iarrachtaí an Choimisiúin i ndáil leis an méid sin, agus LÉIRÍONN go bhfuil deis ann é sin a fheabhsú trí mheán Rialachán nua maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar Chabhlaigh Iascaireachta Sheachtracha.